AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2021
COM(2021) 347 final

ANNEXES 1 to 5

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le creidmheasanna tomhaltóirí

{SEC(2021) 281 final} - {SWD(2021) 170 final} - {SWD(2021) 171 final}

IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS CHAIGHDEÁNACH EORPACH UM CHREIDMHEAS TOMHALTÓRA

1. Céannacht agus mionsonraí teagmhála an chreidiúnaí, an idirghabhálaí creidmheasa nó sholáthraí na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin

I gcás inarb infheidhme	
Creidiúnaí	[Céannacht]
Seoladh Uimhir theileafóin Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin (*)	[Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
I gcás inarb infheidhme	
Idirghabhálaí creidmheasa	[Céannacht]
Seoladh Uimhir theileafóin Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin (*)	[Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
I gcás inarb infheidhme	
Soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin	[Céannacht]
Seoladh Uimhir theileafóin Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin	[Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
(*) Tá an fhaisnéis sin roghnach.	

Aon uair a léirítear ‘i gcás inarb infheidhme’, ní mór don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcreidmheas, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.

Tugtar mínithe don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n- ionad.

2. Tuairisc ar phríomhghnéithe an táirge creidmheasa

An cineál creidmheasa	
An méid iomlán creidmheasa *Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*	
Na coinníollacha lena rialaítear an tarraingt anuas *Ciallaíonn sé sin conas agus cathain a gheobhaidh tú an t- airgead.*	
Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin	
Tráthchodanna agus, i gcás inarb iomchuí, an t- ord ina leithdháilfear na tráthchodanna	Beidh ort an méid seo a leanas a íoc: [Méid, líon agus minicíocht na n- íocaíochtaí atá le déanamh ag an tomhaltóir] Beidh ús agus/nó muirir iníoctha ar an mbealach seo a leanas:
An méid iomlán a bheidh le híoc agat *Ciallaíonn sé sin an méid caipitil a fuarthas ar iasacht móide ús agus costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do chreidmheas.*	[Suim an mhéid iomlán creidmheasa agus chostas iomlán an chreidmheasa]
I gcás inarb infheidhme Déantar an creidmheas a dheonú i bhfoirm íocaíocht iarchurtha le haghaidh earra nó seirbhíse nó a nascadh le soláthar earraí sonracha nó soláthar seirbhíse Ainm an earra/na seirbhíse Praghas ar airgead tirim	

I gcás inarb infheidhme Urraí a cheanglaítear *Is tuairisc é sin ar an urrús atá le soláthar agat i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa.*	[Cineál na n- urraí]
I gcás inarb infheidhme Ní thagann amúchadh láithreach ar an gcaipiteal as aisíocaíochtaí.	
I gcás inarb infheidhme Bhí an praghas pearsantaithe ar bhonn cinnteoireacht uathoibrithe.	

3. Costais an chreidmheasa

An ráta iasachta nó, i gcás inarb infheidhme, rátaí iasachta éagsúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin	[% — seasta nó, — athraitheach (leis an innéacs nó leis an ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh), — tréimhsí]
Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR) *Is é sin an costas iomlán a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa.* *Is ann do APR chun cuidiú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.*	[% Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]
An bhfuil sé éigeantach, chun an creidmheas a fháil nó chun é a fháil ar na téarmaí agus ar na coinníollacha a ndéantar margaíocht ina leith, ceann díobh seo a fháil: — polasaí árachais lena n- urraítear an creidmheas, nó — conradh seirbhíse coimhdí eile? *Murab eol don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa ná don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin costais na seirbhísí sin, ní áirítear in APR iad.*	Tá/níl [má tá, sonraigh an cineál árachais] Tá/níl [má tá, sonraigh an cineál seirbhíse coimhdí]
Costais ghaolmhara	
I gcás inarb infheidhme Ceanglaítear cuntas amháin nó níos mó a	

choinneáil ar bun chun idirbhearta íocaíochta agus tarraingtí anuas araon a thaifeadadh	
I gcás inarb infheidhme Méid na gcostas as modh íocaíochta sonrach (e.g. cárta creidmheasa) a úsáid	
I gcás inarb infheidhme Aon chostas eile a eascraíonn as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar	
I gcás inarb infheidhme Coinníollacha faoinar féidir na costais thuasluaite a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a athrú	
I gcás inarb infheidhme Oibleagáid táillí nótaire a íoc	
Costais íocaíochtaí déanacha D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann duit mar gheall ar íocaíochtaí a mhainneachtain (e.g. díol éigeantach) agus go mbeadh sé níos deacra duit creidmheas a fháil sa todhchaí.	Déanfar [… (an ráta úis is infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)] a ghearradh ort as íocaíochtaí déanacha.

4. Gnéithe dlí tábhachtacha eile

An ceart chun tarraingt siar *Tá an ceart agat tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa nó as an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin laistigh de thréimhse 14 lá féilire*.	
Aisíocaíocht luath *Tá an ceart agat an creidmheas a aisíoc go luath tráth ar bith go hiomlán nó go páirteach.*	

I gcás inarb infheidhme Tá an creidiúnaí i dteideal cúitimh i gcás aisíocaíocht luath	[Cinneadh an chúitimh (modh ríofa) i gcomhréir leis na forálacha lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 29 de Threoir …]
Bunachar sonraí a cheadú *Ní mór don chreidiúnaí, don idirghabhálaí creidmheasa nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin tú a chur ar an eolas láithreach agus gan mhuirear maidir leis an toradh ar bhunachar sonraí a cheadú, má dhiúltaítear d'iarratas creidmheasa ar bhonn ceadú den sórt sin. Níl feidhm ag an méid sin má thoirmeasctar le dlí an Aontais an fhaisnéis sin a sholáthar nó má tá an soláthar sin contrártha do chuspóirí an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí.*	
Ceart chun dréacht-chomhaontú creidmheasa nó dréacht— chomhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar *Tá an ceart agat, arna iarraidh sin, cóip den dréacht- chomhaontú creidmheasa nó den dréacht- chomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a fháil saor in aisce. Níl feidhm ag an bhforáil sin mura bhfuil an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, tráth d'iarrata, toilteanach dul ar aghaidh chun an comhaontú creidmheasa nó an comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a thabhairt i gcrích leat.*	
I gcás inarb infheidhme An tréimhse ar lena linn atá an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin faoi cheangal ag an bhfaisnéis réamhchonarthach	Tá an fhaisnéis sin bailí ón … go dtí an …
Maidir le sásamh *Tá an ceart agat sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt a rochtain*	[An sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt le haghaidh an tomhaltóra agus na bealaí chun é a rochtain]

I gcás inarb infheidhme

5. Faisnéis bhreise i gcás cianmhargú seirbhísí airgeadais

(a) Maidir leis an gcreidiúnaí nó leis an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin	
I gcás inarb infheidhme Ionadaí an chreidiúnaí nó an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin i do Bhallstát cónaithe Seoladh *Uimhir theileafóin* Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin (*)	[Céannacht] [Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
I gcás inarb infheidhme Clárú	[An clár trádála ina bhfuil an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin taifeadta agus a uimhir chláraithe nó modh sainaitheantais coibhéiseach sa chlár sin]
I gcás inarb infheidhme An t- údarás maoirseachta	
(b) Maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an *gcomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin*	
I gcás inarb infheidhme An ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú	[Treoracha praiticiúla maidir leis an gceart chun tarraingt siar a fheidhmiú lena léireofar, *inter alia*, an tréimhse chun an ceart a fheidhmiú, an seoladh ar cheart fógra maidir le feidhmiú an chirt chun tarraingt siar a sheoladh chuige agus na hiarmhairtí a bhainfeadh le neamhfheidhmiú an chirt chun tarraingt siar]
I gcás inarb infheidhme An dlí a ghlacann an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin mar bhonn chun caidreamh a bhunú leat roimh thabhairt i gcrích an chonartha creidmheasa	
I gcás inarb infheidhme Clásal lena sonraítear an dlí rialála is infheidhme maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa	[An clásal ábhartha le leagan amach anseo]

sluachistiúcháin agus/nó leis an gcúirt inniúil	
I gcás inarb infheidhme Córas teanga	Soláthrófar faisnéis agus téarmaí conarthacha i [teanga shonrach]. Le do thoiliú, tá sé beartaithe againn cumarsáid a dhéanamh i [teanga shonrach/teangacha sonracha] ar feadh fhad an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.
(c) Maidir le sásamh	
Sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt a rochtain	[An sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt le haghaidh an tomhaltóra is páirtí sa chianchonradh agus na bealaí chun é a rochtain]
(*) Tá an fhaisnéis sin roghnach le haghaidh an chreidiúnaí nó le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.	

IARSCRÍBHINN II

FORBHREATHNÚ CAIGHDEÁNACH EORPACH UM CHREIDMHEAS TOMHALTÓRA

An méid iomlán creidmheasa *Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.*	
Fad an chomhaontaithe creidmheasa nó na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin	
An ráta iasachta nó, i gcás inarb infheidhme, rátaí iasachta éagsúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis na seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin	[% — seasta nó, — athraitheach (leis an innéacs nó leis an ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh), — tréimhsí]
Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR) *Is é sin an costas iomlán a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa.* *Is ann do APR chun cuidiú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.*	[% Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]
I gcás inarb infheidhme Déantar an creidmheas a dheonú i bhfoirm íocaíocht iarchurtha le haghaidh earra nó seirbhíse nó a nascadh le soláthar earraí sonracha nó soláthar seirbhíse Ainm an earra/na seirbhíse Praghas ar airgead tirim	
Costais íocaíochtaí déanacha *D'fhéadfadh sé go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann duit mar gheall ar íocaíochtaí a mhainneachtain (e.g. díol éigeantach) agus go mbeadh sé níos deacra duit creidmheas a fháil sa todhchaí.*	Déanfar [… (an ráta úis is infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)] a ghearradh ort as íocaíochtaí déanacha.

Aon uair a léirítear ‘i gcás inarb infheidhme’, ní mór don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha maidir leis an táirge creidmheasa, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.

Tugtar mínithe don chreidiúnaí nó don soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n- ionad.

Ba cheart an Forbhreathnú Caighdeánach Eorpach um Chreidmheasa Tomhaltóra a thaispeáint ar leathanach amháin ar bharr na foirme le haghaidh na Faisnéise Caighdeánaí Eorpaí um Chreidmheas Tomhaltóra, ba cheart é a bheith inléite go soiléir agus oiriúnaithe chun na srianta teicniúla de chuid meáin áirithe ar a dtaispeánfar é a chur san áireamh.

IARSCRÍBHINN III

FAISNÉIS EORPACH UM CHREIDMHEAS TOMHALTÓRA

Creidmheas tomhaltóirí a thairgeann eagraíochtaí creidmheasa áirithe (Airteagal 2(5) de Threoir…)

Comhshó fiachais

1. Céannacht agus sonraí teagmhála an chreidiúnaí nó an idirghabhálaí creidmheasa

Creidiúnaí	[Céannacht]
Seoladh Uimhir theileafóin Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin (*)	[Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
I gcás inarb infheidhme	
Idirghabhálaí creidmheasa	[Céannacht]
Seoladh Uimhir theileafóin Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin (*)	[Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
(*) Tá an fhaisnéis sin roghnach.	

Aon uair a léirítear ‘i gcás inarb infheidhme’, ní mór don chreidiúnaí an bosca a líonadh isteach má tá an fhaisnéis ábhartha maidir leis an táirge creidmheasa, nó an fhaisnéis nó an ró iomlán a scriosadh mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis an gcineál creidmheasa lena mbaineann.

Tugtar mínithe don chreidiúnaí leis na léirithe atá idir lúibíní cearnacha agus ní mór an fhaisnéis chomhfhreagrach a chur ina n- ionad.

2. Tuairisc ar phríomhghnéithe an táirge creidmheasa

An cineál creidmheasa	
An méid iomlán creidmheasa *Ciallaíonn sé sin an uasteorainn nó na suimeanna iomlána a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcomhaontú creidmheasa.*	

Fad an chomhaontaithe creidmheasa	
I gcás inarb infheidhme Is féidir go n- iarrfar ort méid iomlán an chreidmheasa a aisíoc tráth ar bith.	
I gcás inarb infheidhme Bhí an praghas pearsantaithe ar bhonn cinnteoireacht uathoibrithe.	

3. Costais an chreidmheasa

An ráta iasachta nó, i gcás inarb infheidhme, rátaí iasachta éagsúla ag a bhfuil feidhm maidir leis an gcomhaontú creidmheasa	[% — seasta nó, — athraitheach (leis an innéacs nó an ráta tagartha is infheidhme maidir leis an ráta iasachta tosaigh)],
I gcás inarb infheidhme Ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR) *Is é sin costas iomlán an chreidmheasa a shloinntear mar chéatadán bliantúil den mhéid iomlán creidmheasa. Is ann do APR chun cuidiú leat tairiscintí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile.*	[% Ní mór sampla ionadaíoch a leagan amach anseo, ar sampla é lena luaitear na toimhdí uile a úsáideadh chun ráta céatadánach bliantúil an mhuirir a ríomh]
I gcás inarb infheidhme Costais I gcás inarb infheidhme Na coinníollacha faoina bhféadfar na costais sin a athrú	[Na costais is infheidhme ón tráth a thugtar an comhaontú creidmheasa i gcrích]
Costais íocaíochtaí déanacha	Déanfar […… (an ráta úis is infheidhme agus socruithe maidir lena choigeartú agus, i gcás inarb infheidhme, muirir mhainneachtana)] a ghearradh ort as íocaíochtaí déanacha.

4. Gnéithe dlí tábhachtacha eile

An comhaontú creidmheasa a fhoirceannadh	[Na coinníollacha agus an nós imeachta chun an comhaontú creidmheasa a fhoirceannadh]
Bunachar sonraí a cheadú *Ní mór don chreidiúnaí tú a chur ar an eolas láithreach agus gan mhuirear maidir leis an*	

toradh ar bhunachar sonraí a cheadú, má dhiúltaítear d'iarratas creidmheasa ar bhonn ceadú den sórt sin. Níl feidhm ag an méid sin má thoirmeasctar le dlí an Aontais an fhaisnéis sin a sholáthar nó má tá an soláthar sin contrártha do chuspóirí an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí.	
I gcás inarb infheidhme	
An tréimhse ar lena linn atá an creidiúnaí faoi cheangal ag an bhfaisnéis réamhchonarthach	Tá an fhaisnéis sin bailí ón … go dtí an …

I gcás inarb infheidhme

5. Faisnéis bhreise

Tráthchodanna agus, i gcás inarb iomchuí, an t- ord ina leithdháilfear na tráthchodanna	Beidh ort an méid seo a leanas a íoc: [Sampla ionadaíoch de thábla tráthchodanna lena n- áirítear méid, líon agus minicíocht na n- íocaíochtaí a bheidh le déanamh ag an tomhaltóir]
An méid iomlán a bheidh le híoc agat	
Aisíocaíocht luath *Tá an ceart agat an creidmheas a aisíoc go luath tráth ar bith go hiomlán nó go páirteach.* I gcás inarb infheidhme Tá an creidiúnaí i dteideal cúitimh i gcás aisíocaíocht luath	[Cinneadh an chúitimh (modh ríofa) i gcomhréir leis na forálacha lena gcuirtear Airteagal 16 de Threoir 2008/48/CE chun feidhme]
Maidir le sásamh *Tá an ceart agat sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt a rochtain*	[An sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt le haghaidh an tomhaltóra agus na bealaí chun é a rochtain]

I gcás inarb infheidhme

6. Faisnéis bhreise atá le tabhairt i gcás cianmhargú seirbhísí airgeadais

(a) Maidir leis an gcreidiúnaí	

I gcás inarb infheidhme Ionadaí an chreidiúnaí i do Bhallstát cónaithe Seoladh Uimhir theileafóin Seoladh ríomhphoist Uimhir facs (*) Seoladh gréasáin (*)	[Céannacht] [Seoladh geografach atá le húsáid ag an tomhaltóir]
I gcás inarb infheidhme Clárú	[An clár trádála ina bhfuil an creidiúnaí taifeadta agus a uimhir chláraithe nó modh sainaitheantais coibhéiseach sa chlár sin]
I gcás inarb infheidhme An t- údarás maoirseachta	
(b) Maidir leis an gcomhaontú creidmheasa	
An ceart chun tarraingt siar *Tá an ceart chun tarraingt siar as an gcomhaontú creidmheasa agat laistigh de thréimhse 14 lá féilire.* I gcás inarb infheidhme An ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú	[Treoracha praiticiúla maidir leis an gceart chun tarraingt siar a fheidhmiú lena léireofar, inter alia, an seoladh ar cheart fógra maidir le feidhmiú an chirt chun tarraingt siar a sheoladh chuige agus na hiarmhairtí a bhainfeadh le neamhfheidhmiú an chirt chun tarraingt siar]
I gcás inarb infheidhme An dlí a ghlacann an creidiúnaí mar bhonn chun caidreamh a bhunú leat roimh thabhairt i gcrích an chonartha creidmheasa	
I gcás inarb infheidhme Clásal lena sonraítear an dlí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú creidmheasa agus/nó an chúirt inniúil	[An clásal ábhartha le leagan amach anseo]
I gcás inarb infheidhme Córas teanga	Soláthrófar faisnéis agus téarmaí conarthacha i [teanga shonrach]. Le do thoiliú, tá sé beartaithe againn cumarsáid a dhéanamh i [teanga shonrach/teangacha sonracha] ar feadh fhad an chomhaontaithe creidmheasa.

(c) Maidir le sásamh Sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt a rochtain	[An sásra gearán agus sásaimh lasmuigh den chúirt le haghaidh an tomhaltóra is páirtí sa chianchonradh agus na bealaí chun é a rochtain]
(*) Tá an fhaisnéis sin roghnach le haghaidh an chreidiúnaí.	

IARSCRÍBHINN IV

I. An bhunchothromóid lena léirítear coibhéis na dtarraingtí anuas ar thaobh amháin agus aisíocaíochtaí agus muirir ar an taobh eile.

Is é atá sa bhunchothromóid, lena suitear ráta céatadánach bliantúil an mhuirir (APR), ar bhonn bliantúil, luach reatha iomlán na dtarraingtí anuas ar thaobh amháin agus luach reatha iomlán na n- aisíocaíochtaí agus íocaíochtaí na muirear ar an taobh eile, i.e.:

$$\sum_{k=1}^{m} C_k (1+X)^{-t_k} = \sum_{l=1}^{m'} D_l (1+X)^{-S_l}$$

i gcás inarb amhlaidh:

— X	APR,
— m	uimhir na tarraingthe anuas deireanaí,
— k	uimhir tarraingthe anuas, mar sin $1 \leq k \leq m$,
— C_k	méid na tarraingthe anuas k,
— t_k	an t- eatramh, a shloinntear i mblianta agus i gcodáin de bhliain, idir dáta na chéad tarraingthe anuas agus dáta gach tarraingthe anuas ina dhiaidh sin, mar sin $t_1 = 0$,
— m’	uimhir na haisíocaíochta deireanaí muirear nó na híocaíochta deireanaí muirear,
— l	uimhir aisíocaíochta muirear nó íocaíochta muirear,
— D_l	méid aisíocaíochta muirear nó íocaíochta muirear,
— s_l	an t- eatramh, a shloinntear i mblianta agus i gcodáin de bhliain, idir dáta na chéad tarraingthe anuas agus dáta gach aisíocaíochta muirear nó íocaíochta muirear.

Nótaí

(a) Ní gá gur méideanna comhionanna a bheidh sna méideanna a íocann an dá pháirtí ag tráthanna éagsúla agus ní gá gur ag eatraimh chomhionanna a íoctar iad.

(b) Is é dáta na chéad tarraingthe anuas a bheidh sa dáta tosaigh.

(c) Déanfar na heatraimh idir na dátaí a úsáidtear sna ríomhanna a shloinneadh i mblianta nó i gcodáin de bhliain. Glactar leis go bhfuil 365 lá (nó 366 lá i gcás blianta bisigh), 52 sheachtain nó 12 mhí chomhionanna in aon bhliain amháin. Glactar leis go bhfuil 30,41666 lá (i.e. 365/12) i mí, gan beann ar cibé acu atá nó nach bhfuil bliain bhisigh ann.

I gcás nach féidir eatraimh idir dátaí a úsáidtear sna ríomhanna a shloinneadh mar líon iomlán seachtainí, míonna ná blianta, sloinnfear na heatraimh mar líon iomlán de cheann de na tréimhsí sin i gcomhar le líon laethanta. Le linn úsáid a bhaint as laethanta:

(a) áireofar gach lá, lena n- áirítear deirí seachtaine agus saoirí;

(ii) déanfar tréimhsí comhionanna agus ansin laethanta a áireamh siar go dtí dáta na tarraingthe siar tosaigh;

(iii) gheofar fad na tréimhse laethanta seachas an chéad lá agus lena n- áirítear an lá deireanach agus sloinnfear é i mblianta tríd an tréimhse sin a roinnt leis an líon laethanta (365 nó 366) den bhliain iomlán a áirítear siar ón lá deireanach go dtí an lá céanna den bhliain roimhe sin.

(d) Déanfar toradh an ríomha a shloinneadh agus cruinneas ionaid dheachúlaigh amháin ar a laghad ann. Más 5 nó comhionann leis sin an figiúr ag an ionad deachúlach ina dhiaidh sin, cuirfear 1 leis an bhfigiúr ag an ionad deachúlach áirithe sin.

(e) Is féidir an chothromóid a athscríobh agus úsáid á baint as aon suim aonair agus coincheap na sreafaí (A_k), a bheidh deimhneach nó diúltach, is é sin le rá íoctha nó faighte le linn tréimhsí 1 go n, sloinnte i mblianta, i.e.

$$S = \sum_{k=1}^{n} A_k (1 + X)^{-t_k}$$

,

i gcás inarb é S comhardú reatha na sreafaí. Más é an aidhm atá ann an choibhéis sreafaí a choinneáil ar bun, beidh an luach nialasach.

II. Is iad seo a leanas na toimhdí breise chun APR a ríomh.

(a) I gcás lena dtabharfar saoirse tarraingthe anuas don tomhaltóir le comhaontú creidmheasa nó le comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin, measfar an méid iomlán creidmheasa a bheith tarraingthe anuas láithreach agus go hiomlán.

(b) Má dhéantar saoirse tarraingthe anuas a thabhairt go ginearálta don tomhaltóir le comhaontú creidmheasa nó le comhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ach má fhorchuirtear leis, i measc na mbealaí éagsúla tarraingthe anuas, teorainn maidir leis an méid creidmheasa agus leis an tréimhse, measfar an méid creidmheasa a bheith tarraingthe anuas an dáta is luaithe a shocraítear sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus i gcomhréir leis na teorainneacha tarraingthe anuas sin.

(c) Má dhéantar foráil i gcomhaontú creidmheasa nó i gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin maidir le bealaí éagsúla tarraingthe anuas lena ngabhann muirir éagsúla nó rátaí iasachta éagsúla, measfar an méid iomlán creidmheasa a bheith tarraingthe anuas ar an muirear is airde agus ar an ráta iasachta is airde a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an sásra tarraingthe anuas is comónta le haghaidh an chineáil sin comhaontaithe creidmheasa nó comhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.

(d) I gcás saoráid rótharraingte, measfar an méid iomlán creidmheasa a bheith tarraingthe anuas go hiomlán agus ar feadh fhad iomlán an chomhaontaithe

creidmheasa. Murab eol fad na saoráide rótharraingthe, déanfar APR a ríomh ar an toimhde gurb é fad an chreidmheasa 3 mhí.

(e) I gcás comhaontú creidmheasa neamhiata nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin neamhiata, seachas saoráid rótharraingte, glacfar leis:

(i) go soláthraítear an creidmheas ar feadh tréimhse 1 bhliana dar tús dáta na tarraingthe anuas tosaigh, agus go nglanann an íocaíocht chríochnaitheach a dhéanann an tomhaltóir iarmhéid an chaipitil, an úis agus muirear eile, más ann;

(ii) go n- aisíocann an tomhaltóir an caipiteal in íocaíochtaí míosúla comhionanna, dar tús 1 mhí tar éis dháta na tarraingthe anuas tosaigh. I gcásanna, áfach, nach mór an caipiteal a aisíoc go hiomlán in íocaíocht aonair amháin agus ar an mbealach sin amháin, laistigh de gach tréimhse íocaíochta, glacfar leis gur thar thréimhse 1 bhliana a tharlaíonn tarraingtí anuas agus aisíocaíochtaí comhleanúnacha ar an gcaipiteal ina iomláine a dhéanann an tomhaltóir. Déanfar ús agus muirir eile a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na tarraingtí anuas sin agus na haisíocaíochtaí sin ar chaipiteal agus mar a leagtar amach sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.

Chun críocha an phointe sin, is é is comhaontú creidmheasa neamhiata nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin neamhiata ann comhaontú creidmheasa nó comhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin gan fad seasta agus lena n- áirítear creidmheasanna nach mór a aisíoc go hiomlán laistigh de thréimhse nó ina diaidh ach, nuair a aisíoctar iad, tagann siad chun bheith ar fáil arís lena dtarraingt anuas.

(f) I gcás comhaontuithe creidmheasa nó comhaontuithe chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar seachas rótharraingtí agus comhaontuithe creidmheasa neamhiata nó comhaontú chun seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a sholáthar dá dtagraítear sna toimhdí a leagtar amach i bpointe (d) agus i bpointe (e):

(i) i gcás nach féidir an dáta aisíocaíochta caipitil ná an méid aisíocaíochta caipitil atá le déanamh ag an tomhaltóir a fháil amach, glacfar leis go ndéantar an aisíocaíocht an dáta is luaithe dá bhforáiltear sa chomhaontú creidmheasa nó sa chomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus le haghaidh an mhéid is ísle dá bhforáiltear leis an gcomhaontú creidmheasa nó leis an gcomhaontú maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin;

(ii) i gcás inar féidir an t- eatramh idir dáta na tarraingthe anuas tosaigh agus dáta na chéad íocaíochta atá le déanamh ag an tomhaltóir a fháil amach, glacfar leis gurb é an t- eatramh is gairide é.

(g) I gcás nach féidir an dáta íocaíochta ná an méid íocaíochta atá le déanamh ag an tomhaltóir a fháil amach ar bhonn an chomhaontaithe creidmheasa ná an chomhaontaithe maidir le seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin ná na dtoimhdí a leagtar amach i bpointí (d), (e) ná (f), glacfar leis go ndéantar an íocaíocht i gcomhréir leis na dátaí agus leis na coinníollacha a cheanglaíonn an creidiúnaí nó an soláthraí seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin agus, nuair nach eol na dátaí agus na coinníollacha sin:

(i) íoctar muirir úis mar aon leis na haisíocaíochtaí caipitil;

(ii) déantar muirear neamhúsmhar a shloinntear mar shuim aonair a íoctar ar dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin;

(iii) déantar muirir neamhúsmhara a shloinntear mar roinnt íocaíochtaí a íoctar ag eatraimh thráthrialta, dar tús dáta na chéad aisíocaíochta caipitil, agus murab eol méid na n- íocaíochtaí sin, glactar leis gur méideanna comhionanna iad;

(iv) glanann an íocaíocht chríochnaitheach iarmhéid an chaipitil, an úis agus muirear eile, más ann.

(h) I gcás nach ndearnadh an uasteorainn is infheidhme maidir leis an gcreidmheas a chomhaontú go fóill, glacfar leis gur EUR 1 500 atá inti.

(i) Má thairgtear rátaí iasachta éagsúla agus muirir éagsúla le haghaidh tréimhse theoranta nó méid teoranta, measfar go mbeidh an ráta iasachta agus na muirir ar an ráta is airde ar feadh fhad iomlán an chomhaontaithe creidmheasa nó an chomhaontaithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin.

(j) Le haghaidh comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí nó comhaontuithe maidir le soláthar seirbhísí creidmheasa sluachistiúcháin a gcomhaontaítear ráta iasachta seasta ina leith le haghaidh na tréimhse tosaigh, ar tréimhse í, a ndéantar ar theacht chun críche di, ráta iasachta nua a chinneadh agus a choigeartú go tréimhsiúil ina dhiaidh sin de réir táscaire comhaontaithe, déanfar APR a ríomh bunaithe ar an toimhde gurb ionann an ráta iasachta, ag deireadh thréimhse an ráta iasachta sheasta, agus an ráta iasachta a bhí ann tráth a ríomhadh APR, bunaithe ar luach an táscaire a comhaontaíodh an tráth sin.

IARSCRÍBHINN V

TÁBLA COMHGHAOIL

Treoir 2008/48/CE	**An Treoir seo**
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2(1)	Airteagal 2(1), an chéad fhomhír
—	Airteagal 2(1), an dara fomhír
Airteagal 2(2), pointí (a), (b), (c)	Airteagal 2(2), pointí (a), (b), (c)
Airteagal 2(2), pointí (d), (e), (f)	—
Airteagal 2(2), pointí (g), (h), (i), (j), (k), (l)	Airteagal 2(2), pointí (d), (e), (f), (g), (h), (i)
Airteagal 2(2a)	Airteagal 2(3)
Airteagal 2(3)	—
Airteagal 2(4), 2(5), 2(6)	Airteagal 2(4), 2(5), 2(6)
Airteagal 3, pointí (a), (b), (c)	Airteagal 3, pointí 1, 2, 3
—	Airteagal 3, pointí 4, 5
Airteagal 3, pointí (d), (e), (f)	Airteagal 3, pointí 13, 20, 21
Airteagal 3, pointí (g), (h), (i), (j), (k), (l), (m)	Airteagal 3, pointí 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12
Airteagal 3, pointe (n)	Airteagal 3, pointe 22
—	Airteagal 3, pointí 14, 15, 16, 17, 18, 19, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 29
—	Airteagal 5
—	Airteagal 6
—	Airteagal 7
Airteagal 4	Airteagal 8
---	Airteagal 9
Airteagal 5(1), an chéad fhomhír	Airteagal 10(1), an chéad fhomhír
—	Airteagal 10 (1), an dara fomhír
Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (a), (b),	Airteagal 10 (3), an chéad fhomhír, pointí a,

(c), (d), (e), (f)	b, c, d, e, f
Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointe (g), an chéad abairt agus an tríú habairt	Airteagal 10 (3), an chéad fhomhír, pointí g agus h
Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointe (g), an dara habairt	Airteagal 10 (3), an dara fomhír
Airteagal 5(1), an dara fomhír, pointí (h), (i), (j), (k), (l), (m), (n), (o), (p), (q), (r), (s)	Airteagal 10(3), an chéad fhomhír, pointí (i), (j), (k), (l), (m), (n), (o), (p), (q), (r), (s), (u)
—	Airteagal 10 (3), an chéad fhomhír, pointí (t), (v)
Airteagal 5(1), an tríú fomhír	Airteagal 10 (3), an tríú fomhír
Airteagal 5(1), an ceathrú fomhír	Airteagal 10 (5), an dara fomhír
Airteagal 5(2)	Airteagal 10 (6)
Airteagal 5(3)	Airteagal 10 (7)
Airteagal 5(4)	Airteagal 10 (8)
Airteagal 5(5)	Airteagal 10 (9)
Airteagal 5(6)	(cuid d'Airteagal 12)
Airteagal 6	-
-	Airteagal 11
Airteagal 7	Airteagal 10 (10)
—	Airteagal 12
—	Airteagal 13
Airteagal 8	Airteagal 18
—	Airteagal 14
—	Airteagal 15
	Airteagal 16
	Airteagal 17
Airteagal 9	Airteagal 19
Airteagal 10(1)	Airteagal 20

Airteagal 10(2), 10(3) agus 10(4)	Airteagal 21
Airteagal 10(5)	-
-	Airteagal 22
Airteagal 11	Airteagal 23
Airteagal 12	Airteagal 24
Airteagal 13	Airteagal 28
Airteagal 14	Airteagal 26
Airteagal 15	Airteagal 27
Airteagal 16	Airteagal 29
Airteagal 17	Airteagal 39
Airteagal 18	Airteagal 25
Airteagal 19	Airteagal 30
—	Airteagal 31
—	Airteagal 32
—	Airteagal 33
—	Airteagal 34
—	Airteagal 35
—	Airteagal 36
Airteagal 20	Airteagal 37
Airteagal 21	Airteagal 38
—	Airteagal 41
Airteagal 22	Airteagal 42, 43
Airteagal 23	Airteagal 44
Airteagal 24	Airteagal 40
Airteagal 24a	Airteagal 45
Airteagal 26	Airteagal 42(2)

Airteagal 27(1)	Airteagal 48
Airteagal 27(2)	Airteagal 46
Airteagal 28	Airteagal 4
Airteagal 29	Airteagal 47
Airteagal 30	Airteagal 47
Airteagal 31	Airteagal 49
Airteagal 32	Airteagal 50
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn IV
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn III
-	Iarscríbhinn II
-	Iarscríbhinn V